

Cuimhní Cinn Cháit Ní Mhainnín



Múinteoir agus Timire Gaeilge atá anois ar pinsean agus duine de phearsana móra Raidió na Gaeltachta i Cáit Ní Mhainnín as Ros Muc, a bhfuil cónaí anois uirthi i mBóthar na Trí, Gaillimh. Cuimhní cailín óig seachas machnamh seanmhna atá sa leabhar álainn seo óna láimh agus iad scríofa sa nGaeilge shaibhir, chomhráiteach cheánna a chuala muid go minic uathí ar an raidió. Cuntas an-bhreá atá anseo, ní hé amháin ar a saol fein ach ar stair shóisialta agus pholaitíochta a linne.

— *Liam Mac Con Iomaire*

£6 / € 7.62

ISBN 1 902420 23 3

Clo Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593307 Facs: 091-593362

r-phost: cic@iol.ie URL: <http://www.cic.ie>



Clo Iar-Chonnachta


CUIMHNÍ CINN CHÁIT NÍ MHAINNÍN

Cáit Ní Mhainnín



Cuimhní Cinn Cháit Ní Mhainnín

Cáit Ní Mhainnín




Cúrsaí Gaeilge sa gCeathrú Rua

I samhradh na bliana 1945 fuair mé ordú ó mo lucht údaráis dul don Ceathrú Rua ag múineadh ar chúrsa Gaeilge a bhí ar siúl ansin d'ábhar múinteoirí adhmaóireachta. Bhuaíl mé ar mo rothar i Ros Muc agus lasc liom don Ceathrú Rua. Ag dul suas ard Chladhnach dhom d'imigh an bonn ón tsreang. Bhí an bonn ina chiseach ansin, an rothar ó mhaith agus mise i mo bhambairne cheal rothar i rith an chúrsa. Bhí beirt bhuachaillí ar an gcúrsa a raibh rothar acu agus b'oibleagáideach an bheirt iad, mar ní raibh mise ná mo chara gan rothar am ar bith ar theastaigh ceann uainn, ach sin scéal eile.

Sa bhfoirgneamh ar a dtugtar Áras Uí Chadhain inniu a bhíodh na ranganna agus na céilithe ar siúl. Ag an gcéilí, bhíodh ceoltóir aonraic thuas ar bhord ag greadadh ceoil ar mheileoidéan, nó scaití beirt. Bhíodh an-chraic ag na céilithe sin. Bhíodh céilí anois is arís i gcorrtheach, ach ba ar Chaladh Thaidhg a bhíodh na céilithe ab fhearr ar fad. Bhínn féin fostaithe ag na cúrsaí speisialta d'ábhar múinteoirí sa gCeathrú Rua ar feadh roinnt mhaith blianta ina dhiaidh sin. Chríochnaigh an cogadh i 1945 agus tar éis sin bhíodh

corrach thart. Le solas cairr a bhíodh ag scalladh síos ar an gcéibh a bhíodh na damhsóirí ag damhsa ar Chaladh Thaidhg. Is ann a bhíodh an spraoi oícheanta gealaí. Triall ar an lóistín le maidneachan. Ag éirí díbheo de bharr tuirse le bheith in am ag ranganna ar a naoi. Bhíodh an-obair ag Mary Mhann go ndéana Dia grásta uirthi, ag iarraidh mé féin a chur as an leaba. Is léi a bhínn ar lóistín corrbhlain. Nuair a chasainn coirnéal sa mbóthar is mé ag dul soir i mo thintreach, chluininn Micheál Ó Catháin ag rúscadh chlog na scoile, ina choileach maidine ag glaoch ar scoláirí agus ar mhúinteoirí isteach. Bhíodh sé ina sheasamh sa doras nuair a thagainn féin nóiméidín mall, b'fhéidir. 'Brisfidh mé do cheann,' a deireadh sé agus tharraingíodh sé iarraidh den chlog orm. Ba é Micheál a bhí os cionn na gcúrsaí. Fear díreach, géar a bhí ann, go ndéana Dia trócaire air, ach bhí sé cneasta.


Le linn na gcúrsaí sin, ba rud an-speisialta ar fad geábh a thabhairt go hÁrainn. Ní raibh aon bhealach ann ach ar bhád móna. Leagadh bádoir amach lá, Domhnach go hionduíl, le slua a thabhairt isteach, agus ba é Jimí Pheatsín ba mhinicí a thugadh iad le 'lá amach' a bheith acu. Coróin nó cúig scilleacha an duine a bhaineadh sé amach. Ar na turais seo, b'fhéidir go mbeadh an lá go breá le linn seoladh don bhád as Caladh Thaidhg, ach b'fhéidir nuair a thiocfadh an t-am le hÁrainn a fhágáil nach mbeadh an aimsir in araíocht cur chun farraige agus go mbeadh fuireach caladh oíche nó cúpla oíche orthu. Bhí sé de mhí-ádh orm féin, má ba mhí-ádh é, a bheith ar thuras acu seo. Bhíomar in Árainn. Bhí go leor de na scoláirí ar bheagán airgid agus gan leapacha le fáil ach ag beagán. Scaoileadh isteach sa halla i gCill Rónáin cuid acu agus d'fhan cuid eile sna báid. Bhí an t-ádh orm féin go bhfuair mé leaba. An Luan a bhí ann lá arna mhárach agus bhí faitíos orm roimh Mhicheál Ó Catháin, faoi nach raibh mé ag mo chuid oibre. Amach sa lá ghlac mé misneach agus ghlaoigh mé air ar an nguthán. Tar éis cúpla focal cainte, 'In Árainn atá mé, a Mhichíl,' a deirim féin. 'Go bhfana tú ann,' a deir Micheál.



Mo chéad chúrsa Gaeilge sa gCeathrú Rua 1945
d'ábhair múinteoirí adhmadoíreachta.



Cúrsa miotalóireachta sa gCeathrú Rua.




Cáit Ní Mhainnín agus an Maorghinearál Aodh Mac Néill.
Mhúin sé tumadóireacht dom go raibh mé in ann ubhchupán
a phiocadh suas de ghrinneall na farraige.



Ó chl , Cáit N  Mhainn n, Aodh Mac N ill, Bean U  Dh laigh,
M ire N  Cheallach in, Mac U  Dh laigh.



Ó chl , Cáit N  Mhainn n, S le N  Mh ille agus Proins as N  Chonall in.



Ar an tr  sa gCeathr  Rua.

Tharla rud eile a bhí chomh dona leis sin, nó b'fhéidir ní ba mheasa, ach ní raibh mise sa mbád an lá sin. Nuair a bhí an bád ag teannadh leis an talamh ó thuaidh, bhuaill calm í. Ní raibh smeámh as aer ann. Ní raibh dul ar gcúl ná ar aghaidh aici. Cuireadh cúpla buille iomartha uirthi, ach ba bheag an mhaith é. Thit an oíche, ach moladh le Dia, tháinig siad ar fad slán. Níor thada neamhchoitianta na rudaí sin sa gCeathrú Rua na laethanta úd. Ba chuid de scléip an tsaol iad.

Oíche dá raibh ceann de na céilithe a luaigh mé ar Chaladh Thaidhg, d'fhan mé féin agus cara liom i ndiaidh na codach eile ag baint taitnimh as an tine ghealánach a bhíodh sa bhfarraige nuair a chorraíí. Mí Lúnasa a bhí ann. Bhíomar sínte amach as deireadh báid a bhí luchtaithe le móin agus muid ag corraí na farraige lenár lámha. Bhí an fharraige ina clár agus í trí lasadh nuair a chorraíí í. Seo anuas duine de na bádóirí. Léim sé isteach ar an maolóig agus tharraing chuige cleith agus bhí ag déanamh rud éigin a bhain lena ghraithe. Cheap mé féin go raibh sé chun léim a chaitheamh síos ar an tile deiridh agus dhíriú mé suas. An gúna a bhí mé a chaitheamh, cheapfa san oíche gur geal nó bán a bhí sé. Is dóigh go bhfaca an bádóir mé. Muise, chaith sé uaidh an chleith agus amach leis de léim as an mbád, suas an chéibh sna feiriglinnte. Bhí sé ag baint tine chreasa as na clocha ag rith suas na cnocáin agus cérbh ionadh sin, nach raibh sé tar éis fíorthaibhse a fheiceáil lena dhá shúil féin. Bhí sé de cháil ar Chaladh Thaidhg go mbíodh taibhsí le feiceáil inti, ach ba thaibhse beo a fathas inti an oíche úd.

Bhí mo theach lóistín an taobh eile den doras de tigh Shearlais Lamb, an t-ealaíontóir nó an péintéir. Bhí beirt iníonacha aige agus bhídis isteach is amach sa teach a raibh mé féin ann. Ní raibh mé i bhfad ann gur thosaigh siad ag rá liom gur iarr a n-athair orthu fiafraí díom ar mhiste liom teacht chuige go ndéanfadh sé portráid díom. Ar ndóigh, cheap mise gurbh ag deargmhagadh fúm a bhí siad mar bhí roinnt mhaith den phleithcíocht agus den spraoi ag baint leo. Bhídis ag rá liom nárbh ea.

Bhí mise an t-am sin chomh buí le rud nach ndéarfadh mé. Mo ghruaig chomh dubh le pic (ach go raibh sí catach), agus mé beagnach i mo ghiúsach. Ní raibh mórán measa an t-am sin ar mhná buí ná ar mhná dubha. Mná boga bána agus téagar réasúnta a bheith iontu is mó a bhí in *request*. Bhí scata ban rialta ag cur fúthu sa teach ina raibh mé agus ba mhinic clann Lamb ina gcomhluadar amuigh sa ngairdín. Dúirt na mná rialta liom gur cheistigh siad na cailíní faoi éileamh a n-athar, agus gur dhúirt na cailíní go raibh siad lándáiríre. Thoiligh mé ansin agus rinne sé an phortráid. Bhí an aimsir brothallach agus an stiúdeo dorcha san áit a raibh sé ag obair. Bhínn féin ag titim i mo chodladh mar tráthnóntaí a rinne sé an obair. Bhíodh Lally Bhreá, duine de na hiníonacha ina pataire ag spraoi ar an urlár agus ag cur strainceanna uirthi féin ag iarraidh mise a choinneáil i mo dhúiseacht. Ar aon nós, rinne Séarlas Lamb an phortráid. Tá mé beagnach cinnte gurb éard ba mhaith leat a fhiafraí díom anois, 'An bhfuil an pictiúr agam?' Muise, a stór, ní raibh an oiread agamsa an t-am sin is dhéanfadh torann ar leic thar mo bhealach a íoc. Mura bhfuil dul amú mór orm, tríocha punt a fuair mé ar an dá mhí oibre a rinne mé ar an gcúrsa. Tuarastal príobháideach a bhí ann. Is cosúil go raibh an dathadóireacht déanta go maith. Suim blianta ina dhiaidh sin, nuair a bhí mé ag freastal ar chúrsa i dTearmann Fheichín, i gCo. Lú, bhí cúpla gearchaile ann a bhí mar a bheadh *guinea pigs* ag plé le haisteoireacht agus le hobair stáitse. Is cosúil gur chuala siad go mbeinnse féin ag dul go Gaillimh tar éis an chúrsa agus d'iarr siad suíochán orm mar bhí siad féin ag teacht chuig an Spidéal. Sa gcomhrá dúinn anuas dúirt cailín acu, 'Tá mé ag ceapadh gur chas tusa orm cheana', a dúirt sí. 'Ó, b'fhéidir gur chas,' arsa mise gan mórán suime a chur ina cuid cainte. 'B'fhéidir gur chas mé ort ag cúrsa Gaelge in áit éicint.' 'An ndearna tú aon chúrsa Gaelge sa gCeathrú Rua ariamh?' 'Ní dhearna mé cúrsa Gaelge ann, ach bhí mé ag tógáil ceachtanna ó Mr Lamb,' a dúirt sí. 'Rinne an fear sin portráid

díomsa,' arsa mise. 'Ó, sea,' a deir sí le hionadh mór. 'Sin é an áit a bhfaca mé thú. An pictiúr. Agus ar cheannaigh bean Mheiriceánach é ar airgead mór?' ar sise. 'Níl a fhios agam,' arsa mise. Anois, céard a deir tú?

Turas curai

Ar an gcéad chúrsa dhomsa sa gCeathrú Rua bhí scata de na fir óga ag cur fúthu i dteach a raibh curach canbháis ag fear an tí. Ní fhaca siad seo curach canbháis ariamh go dtí sin. Bhí siad ag tuineadh le fear an tí go dtabharfadh sé an curach dóibh le haghaidh píosa bádóireachta, agus thug. Bheartaigh siad a ghabháil amach an Domhnach seo agus d'iarr siad mé féin leo. Ghlac mé leis an gcuireadh agus mo chosa ag rith uaim. Diabhal blas eolais a bhí agamsa ar churach canbháis ach an oiread leis na buachaillí, mar ní raibh a leithéid i mo thaobhsa tíre ar chor ar bith. Báid iomartha adhmaid a bhíodh ann.

Ar aon nós, tháinig an Domhnach. Leag na buachaillí an churach, chuir ar snámh í agus ar bord linn. Bhí Traolach, Seán, Peadar, mé féin agus cailín beag le húinéara na curai ann. Bhí an churach ag gabháil díreach go leor go raibh siad amuigh i lár Chuan an Fhir Mhoir agus bheartaigh siad a ghabháil timpeall Ghob na Trá Báine. B'ansin a thosaigh an trioblóid. Níor thúisce ceann na curai a bheith dírithe isteach ar Árainn ná suas ar

Dhroichead an Daingin nó isteach ar Chaladh Thaidhg agus thosaigh an argóint, duine ag inseacht don duine eile céard ba cheart dó a dhéanamh agus eisean ag ceapadh gurbh fhearr a bhí a fhios aige féin céard a dhéanfadh sé ná ag an té bhí á inseacht dó. Ach bhain siad an Trá Bháin amach, ar aon nós. Tháinig dream mór de mhuintir na háite timpeall orainn. Ba chosúil muid le báidín a tháinig ó oileán draíochta anaithnid i bhfad i gcéin. Tharraing na *lad's* an churach suas ar thalamh tirim agus chuaigh ag snámh agus ag déanamh bolg le gréin thart sna góilíní ach chuaigh mé féin agus an cailín beag suas chuig teach sa mbaile go bhfaigheadh muid deoch. Lá an-te a bhí ann. Ba ghnoúil iad muintir an tí. Thug siad tae agus arán dúinn agus ceaintín bainne agus uisce le tabhairt linn le hól nuair a bheadh tart orainn. Nuair a d'inis mé d'fhear an tí an chaoi a dtáinigemar agus an sórt bádóirí a bhí againn, 'Ó a dheirfiúirín, níor cheart díbh a ghabháil leo' a deir sé. 'Muide féin, nuair a bhíonn muid ag dul don Cheathrú Rua, chuig na siopaí, lá na míoltóige, ní maith linn ár gcuid ban a ligean linn. Le breathnú ina dtimpeall, d'fhéadfaidís an churach a iompú. Ná téigí leo arís,' a dúirt sé. Bhí éileacht orainn. Ní dheachaigh.

D'fhág Peadar a bhróga sa gcurach ar dhul ag fálróid dó, nó dúirt sé féin gur fhág, ach nuair a tháinig sé ar ais bhí na bróga ar iarraidh. Sílim gurb é an chaoi ar chuir duine éicint i bhfolach le diabhlaíocht iad. Bhaineamar Caladh Thaidhg amach slán. Fearáin an-bheag as Baile Átha Cliath ab ea Peadar agus b'fhada an píosa siúil a bhí le déanamh ina bhonnacha aige ó Chaladh Thaidhg go dtí an Gleann Mór mar a raibh sé ar lóistín. Fear an-mhór ab ea Traolach, a thógadh an bhróg fir ba mhó déanta. Bhí péire bróg, de chanbhás bán aige, agus thug sé do Pheadar iad lena choisíní a chosaint ar na spleantracha cloch a bhí fairsing ar na bóithre an t-am sin. B'ait an feic an fearáin beag, leis na bróga móra bána, ag déanamh a bhealaigh mar sin le crónachan na hoíche.



Turas curáí sa gCeathrú Rua.

'Mar ní raibh mise ná mo chara gan rothar am ar bith ar theastaigh ceann uainn'.